Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13243/21**

**CONOP 68**
**COARM 212**
**CODUN 47**
**CFSP/PESC 1005**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 10ú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 3826ú cruinniú a bhí aici an 15 Samhain 2021.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN DEICHIÚ COMHDHÁIL ATHBHREITHNITHE DE CHUID NA bPÁIRTITHE SA CHONRADH MAIDIR LE NEAMHLEATHADH ARM NÚICLÉACH

1. Is díol sásaimh don Chomhairle an Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe de chuid na bPáirtithe sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach – nach fada uainn anois – agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas Eorpach bonn ar aon le chéile ina thuairim gurb é an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach is bunchloch ag an gcóras domhanda maidir le neamhleathadh arm núicléach, is bunús bunriachtanach chun dí-armáil núicléach a shaothrú i gcomhréir le hAirteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, agus gur gné thábhachtach é i ndáil le forbairt bhreise ar fheidhmeanna fuinnimh núicléach chun críoch síochánta i gcomhréir le hAirteagal IV den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Athdhearbhaíonn an Chomhairle tacaíocht uile iomlán an Aontais do chosaint agus neartú an struchtúir dí-armála núicléiche, neamhleata agus rialaithe arm. Táimid lánchinnte gurb é an cur chuige iltaobhach conradhbhunaithe an bealach is fearr chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun agus a threisiú.

2. Is oth leis an gComhairle gurbh éigean an Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe a chur siar agus cuireann sí i bhfios go láidir gur luachmhar an rannchuidiú iad na Comhdhálacha Athbhreithnithe ag cur chun feidhme an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach.

3. Athdhearbhaíonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le huiliú an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus iarrann sí ar na Ballstáit nach ndearna sin fós dul isteach sa Chonradh mar Stáit nach bhfuil airm núicléacha acu agus, go dtí go mbeidh siad aontaithe don Chonradh, cloí leis na téarmaí ann. Aithníonn an Chomhairle an méid a baineadh amach leis an gConradh go stairiúil maidir le neamhleathadh arm núicléach a theorannú, chun comhar a éascú maidir le fuinneamh núicléach chun críoch síochánta agus chun stoc-chairn arm núicléach a laghdú go suntasach sna blianta roimhe sin. Tá fiúntas suthain ag baint leis an gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus tá gá lena chur chun feidhme iomlán anois níos mó ná riamh.

4. Tacaíonn an Chomhairle go láidir le gach ceann de thrí cholún an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus leanfaidh sí de chur chun feidhme iomlán cuimsitheach, cothrom agus substainteach Phlean Gníomhaíochta Chomhdháil Athbhreithnithe 2010 a chur chun cinn. Cuirimid i bhfios go láidir an gá atá leis na hoibleagáidí uile faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur chun feidhme, mar aon leis na gealltanais a tugadh le linn Comhdhálacha Athbhreithnithe roimhe seo, lena n-áirítear an gá atá le dul chun cinn nithiúil a dhéanamh chun Airteagal VI a chur chun feidhme go hiomlán, agus é mar sprioc dheiridh againn deireadh a chur le hairm núicléacha. Tá rún daingean againn domhan níos sábháilte agus níos sláine a lorg do chách i gcomhréir le spriocanna an Chonartha ar bhealach a chuireann cobhsaíocht, síocháin agus slándáil idirnáisiúnta chun cinn. Is díol sásaimh don Chomhairle rannpháirtíocht Bhallstáit an Aontais chun leas a bhaint as toil pholaitiúil agus cur chun feidhme spriocanna an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach a chur chun cinn trí thionscnaimh éagsúla le linn an timthrialla athbhreithnithe atá ann faoi láthair amhail Tionscnamh Stócólm.

5. Sa timpeallacht reatha slándála, ina bhfuil an teannas ag éirí agus géarchéimeanna agus dúshláin thromchúiseacha, ní mór iarracht athnuaite a dhéanamh i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit uile lena mbaineann staonadh ó aon chéimeanna a d’fhéadfadh an teannas a ghéarú a thuilleadh agus an bonn a bhaint de na laghduithe suntasacha a baineadh amach tar éis dheireadh an Chogaidh Fhuair. Caithfear rás nua arm núicléach a sheachaint.

6. Is mian leis an gComhairle a chur in iúl go láidir go bhfuil cur chun feidhme na 64 ghníomhaíocht i bPlean Gníomhaíochta 2010 ina fhreagracht chomhchoiteann do gach Stát is Páirtí sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, gan eisceacht.

7. Cuireann an Chomhairle chun suntais na saincheisteanna seo a leanas:

   - A tiomantas an dí-armáil núicléach a chur ar aghaidh, i gcomhréir le hAirteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, go háirithe tríd an laghdú foriomlán ar stoc-charn domhanda na n-arm núicléach, agus aird á tabhairt ar an bhfreagracht speisialta atá ar na Stáit a bhfuil na harmlanna núicléacha is mó acu.

- A tacaíocht d'idirphlé treisithe, lena n-áirítear maidir le cobhsaíocht straitéiseach, tuilleadh trédhearcachta agus bearta tógála muiníne a dhéanfaidh na Stáit arm núicléach chun tuilleadh dul chun cinn a spreagadh maidir leis an dí-armáil.

- Na tairbhí a bhaineann le hobair nithiúil ar laghdú rioscaí núicléacha agus straitéiseacha, agus, dá bhrí sin, an géarghá go ndéanfadh na Stáit uile lena mbaineann bearta praiticiúla a phlé, a chomhaontú agus a chur chun feidhme chun na críche sin.

- Luach an chomhair iltaobhaigh chun fíorú dí-armála núicléiche a chur chun cinn. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle gur tháinig Grúpa na Saineolaithe Rialtais le chéile chun machnamh a dhéanamh ar ról an fhíoraithe núicléach chun dí-armáil núicléach a chur chun cinn in 2021. Ina theannta sin, is díol sásaimh don Chomhairle an rannchuidiú a thugann an comhar praiticiúil amhail an Chuad-chomhpháirtíocht um Fhíorú Núicléach agus freachnaimh phraiticiúla, amhail freachnamh na Beilge maidir le modhanna tomhais plútóiniam, an freachnamh Franc-Ghearmánach chomh maith leis an taighde agus an taispeántas ar mhodhanna braite tréanphléascaigh a rinne an Ísiltír, laistigh d'fhormáid na Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta um Fhíorú Dí-armála Núicléach. Cé nach críoch ann féin é an fíorú, bheadh forbairt bhreise ar an gcomhar idirnáisiúnta maidir le hionstraimí chun dí-armáil núicléach a fhíorú ina chúnamh chun domhan gan airm núicléacha a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

- Glaoch na Comhairle go dtosófaí láithreach agus go dtabharfaí i gcrích gan mhoill an chaibidlíocht sa Chomhdháil maidir le Dí-Armáil ar Chonradh lena gcuirfear toirmeasc ar tháirgeadh ábhar inscoilte lena úsáid in airm núicléacha nó feistí pléascacha eile, agus go dtig léi tacú le tús na caibidlíochta i gcomhréir le doiciméad CD/1299 agus leis an sainordú atá ann. Nó go dtaga i bhfeidhm FMCT tráth is faide anonn, iarrann an Chomhairle ar na Stáit uile lena mbaineann moratóir láithreach a dhearbhú agus a choinneáil ar ábhar inscoilte a tháirgeadh le haghaidh arm núicléach nó feistí núicléacha eile.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle an comhaontú ar thángthas air idir na Stáit Aontaithe agus Cónaidhm na Rúise chun Conradh Nua START a shíneadh go ceann cúig bliana eile. Leagann an tAontas an-tábhacht ar an gConradh nua START agus measann sé gur rannchuidiú ríthábhachtach é don tslándáil idirnáisiúnta agus don tslándáil Eorpach. Cuidíonn laghdú na n-armlann núicléach straitéiseach imscartha faoin gConradh Nua START, arna fheabhsú go háirithe ag a shásra daingean fíorúcháin, le cur chun feidhme Airteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach trí laghdú foriomlán a dhéanamh ar an stoc-charn domhanda d'airm núicléacha imscartha. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le rialú arm, leis an dí-armáil agus leis an neamhleathadh a chaomhnú agus a chur chun cinn a thuilleadh. Ag meabhrú di na hoibleagáidí – a eascraíonn as Airteagal VI den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach – atá ar na Stáit arm núicléach uile, cuirimid i dtreis go bhfuil freagracht ar leith i réimse na dí-armála núicléiche agus an rialaithe arm núicléach ar an dá Stát arm núicléach is mó. Molann an Chomhairle go bhféachfaí le tuilleadh laghduithe a dhéanamh ar a gcuid armlann, lena n-áirítear airm núicléacha straitéiseacha agus neamhstraitéiseacha, imscartha agus neamh-imscartha, agus tuilleadh plé a dhéanamh maidir le cothú muiníne, trédhearcacht, laghdú riosca, gníomhaíochtaí fíorúcháin, lena leagfar síos an bealach le haghaidh comhaontuithe agus tuairisciú níos láidre fós maidir le rialú arm feasta. Iarraimid ar an tSín cur go gníomhach leis na próisis sin.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle seoladh an Idirphlé um Chobhsaíocht Straitéiseach agus athráiteas Chruinniú Mullaigh Reykjavik a tugadh ag an gcruinniú mullaigh idir Cónaidhm na Rúise agus Stáit Aontaithe Mheiriceá sa Ghinéiv.

10. Tugann an Chomhairle dá haire na hiarmhairtí fíor-thromchúiseacha a bhaineann le húsáid arm núicléach agus cuireann sí in iúl go láidir go bhfuil an fhreagracht á roinnt ag na Stáit ar fad chun tarlú den sórt sin ann a chosc.

11. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir an gá atá le hiarrachtaí iltaobhacha a athnuachan agus le comhlachtaí iltaobhacha caibidlíochta a athbheochan, go háirithe an Chomhdháil maidir le Dí-Armáil, ag féachaint i ndáil leis sin ar fheabhas a chur ar eagrú a cuid oibre agus ar an méadú a dhéanfar uirthi amach anseo. Is cúis imní di fós an tsáinn leanúnach, lena n-áirítear an mhainneachtain leanúnach teacht ar chomhaontú maidir le Clár Oibre nó stádas breathnóra a thabhairt do Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe.

12. Measann an Chomhairle go bhfuil an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBT) ríthábhachtach don dí-armáil agus don neamhleathadh núicléach agus is príomhthosaíocht a theacht i bhfeidhm agus is dianriachtanas polaitiúil de chuid an Aontais é i gcónaí. Iarrann an Chomhairle ar na Stáit go léir nach ndearna amhlaidh go fóill, go háirithe na cinn a liostaítear in Iarscríbhinn II, CTBT a shíniú agus a dhaingniú gan réamhchoinníollacha ná a thuilleadh moille. Iarrann an Chomhairle freisin ar na Stáit uile cloí leis an moratóir ar phléasctaí trialacha arm núicléach nó ar aon phléascadh núicléach eile, agus staonadh ó aon ghníomh a bheadh ag teacht salach ar aidhm agus ar chuspóir an Chonartha.

13. Admhaíonn an Chomhairle a thábhachtaí don tsíocháin agus don tslándáil atá criosanna atá ann cheana atá saor ó airm núicléacha agus tá sí tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme an Rúin maidir leis an Meánoirthear, a glacadh ag Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach in 1995. Tugann an Chomhairle dá haire gur tionóladh Comhdháil na Náisiún Aontaithe an 20 Samhain 2019 maidir le crios sa Mheánoirthear a bhunú atá saor ó airm núicléacha agus ó airm eile ollscriosta agus óna gcórais seachadta, agus is díol dóchais di toradh na Comhdhála sin. Meabhraítear don Chomhairle nach féidir, mar a luaitear i bPlean Gníomhaíochta Chomhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach in 2010, criosanna den chineál sin a bhunú ach amháin ar bhonn socruithe a dhéanfaidh Stáit uile an réigiúin lena mbaineann dá ndeoin féin.

14. Tá imní mhór ar an gComhairle i gcónaí i bhfianaise géarchéimeanna agus dúshláin leanúnacha maidir le leathadh, atá ina mbagairt leanúnach ar an tslándáil idirnáisiúnta, agus cuireann sí i dtreis go bhfuil rún daingean aici cur le hiarrachtaí maidir le neamhleathadh, agus ailtireacht an neamhleata núicléach a neartú, a uiliú agus a dhéanamh níos éifeachtaí. Aithníonn an Chomhairle gur gá teacht ar réitigh shíochánta agus thaidhleoireachta, agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá don chomhphobal idirnáisiúnta a bheith ar an airdeall agus a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus chun díriú orthu ar bhealach diongbháilte. Cuireann an Chomhairle i bhfáth príomhfhreagracht Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe i gcásanna neamhchomhlíonta.

15. Aithníonn an Chomhairle obair thábhachtach na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus go háirithe gur páirt bhunúsach den chóras maidir le neamhleathadh é a córas coimircí agus go bhfuil ról fíorthábhachtach aige i gcur chun feidhme an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Leis an dlúthchomhar idir EURATOM agus IAEA is féidir coimircí éifeachtacha agus éifeachtúla a bheith ann. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gurb é an Comhaontú maidir le Coimirciú Cuimsitheach i dteannta an Phrótacail Bhreise an caighdeán um fhíorú atá ann faoi láthair faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus iarrann sí go ndéanfaí iad a uiliú gan mhoill.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas daingean don Phlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA) agus go leanfaidh sé de bheith ag tacú leis. Is príomhghné den ailtireacht dhomhanda maidir le neamhleathadh núicléach é an Plean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta (JCPOA), a d'fhormhuinigh Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe d'aon toil trí rún 2231 (2015) uaithi. Admhaíonn an Chomhairle na saincheisteanna a bhaineann le tarraingt siar aontaobhach na Stát Aontaithe ó JCPOA agus gur fhorchuir na Stáit Aontaithe smachtbhannaí an athuair. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di gníomhaíochtaí leanúnacha na hIaráine nach bhfuil ag teacht le JCPOA agus a bhfuil impleachtaí tromchúiseacha acu ó thaobh leata de, impleachtaí atá dochúlaithe i gcásanna áirithe. Tathantaíonn sí ar an Iaráin gach gníomhaíocht nach bhfuil ag teacht le JCPOA a aisiompú agus leanúint dá gealltanais núicléacha a chur chun feidhme gan mhoill, go háirithe cur chun feidhme fhorálacha trédhearcachta an Phrótacail Bhreise agus JCPOA. Tacaíonn an Chomhairle leis na dianiarrachtaí taidhleoireachta leanúnacha laistigh de Choimisiún Comhpháirteach JCPOA agus leis an teagmháil atá á déanamh ag Ardionadaí an Aontais, mar Chomhordaitheoir JCPOA, leis na comhpháirtithe ábhartha uile. Is cúis mhór imní i gcónaí don Chomhairle gníomhaíocht diúracán balaistíoch na hIaráine agus iarrann sí ar an Iaráin staonadh ó ghníomhaíochtaí nach bhfuil i gcomhréir le Rún 2231 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus gan tabhairt faoi aon ghníomhaíocht a bhaineann le diúracáin bhalaistíocha atá ceaptha chun airm núicléacha a dhéanamh, lena n-áirítear lainseálacha lena mbainfí leas as an teicneolaíocht diúracán balaistíoch sin. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle ar an Iaráin gan aon diúracán ná aon chomhpháirt diúracáin ná teicneolaíocht diúracán a aistriú chuig gníomhaithe neamhstáit.

17. Is cúis mhór aiféala é don Chomhairle go bhfuil an tSiria fós gan neamhchomhlíonadh an Chomhaontaithe maidir le Cosaintí a leigheas trí chomhoibriú mar ábhar tosaíochta agus go trédhearcach le IAEA chun na saincheisteanna go léir ar a bhfuil obair fós le déanamh a réiteach agus iarrann sé ar an tSiria Prótacal Breise a shíniú, a thabhairt i bhfeidhm agus a chur chun feidhme ina iomláine le IAEA a luaithe is féidir.

18. Is cúis mhór imní don Chomhairle leathadh leanúnach na teicneolaíochta diúracán, ós rud é gur léir gur toisc é lena gcuirtear le héagobhsaíocht. I ndáil leis an méid sin, meabhraítear don Chomhairle go dtacaíonn sí go láidir leis an gCóras Rialaithe um Theicneolaíocht Diúracán agus le Cód Iompair na Háige (HCoC) in aghaidh Leathadh Diúracán Balaistíoch. Iarrann an Chomhairle go nglacfaí go huilíoch le HCoC agus go gcuirfí chun feidhme go héifeachtach é, arb é an t-aon ionstraim iltaobhach thrédhearcachta agus fothaithe muiníne é maidir le leathadh diúracán bhalaistíoch.

19. Cuireann an Chomhairle in iúl gur cúis mhór imní di go leanann Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) de bheith ag gníomhú chun a cláir arm núicléach neamhdhleathach agus diúracán balaistíoch a fhorbairt a thuilleadh. Cáineann an Chomhairle na céimeanna a thug DPDC chun feabhas a chur ar a cumas arm núicléach agus diúracán, lena n-áirítear diúracáin a lainseáil arís agus arís eile agus saoráidí gaolmhara a chothabháil. Tathantaíonn an Chomhairle ar DPDC staonadh ó gach triail núicléach agus ó gach lainseáil diúracán balaistíoch. Iarrann an Chomhairle ar DPDC céimeanna nithiúla a thabhairt chun a cuid arm ollscriosta, diúracán balaistíoch, agus clár núicléach atá ann cheana, a dhíchóimeáil ar bhealach iomlán, infhíoraithe dochúlaithe mar a cinneadh i Rún 2397 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tathantaíonn an Chomhairle ar DPDC plé fónta a dhéanamh leis na páirtithe ábhartha go léir chun bonn a leagan síos don tsíocháin agus don tslándáil inbhuanaithe agus chun céimeanna a thabhairt darb aidhm dí-armáil núicléach iomlán infhíoraithe dochúlaithe a shaothrú ar Leithinis na Cóiré. Éilíonn an Chomhairle go gcomhlíonfadh DPDC an Conradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus an Comhaontú maidir le Coimirciú Cuimsitheach ó IAEA mar a dhéantaí roimhe seo, agus tathantaíonn sí uirthi an Conradh um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha a shíniú agus a dhaingniú. Iarrann an Chomhairle ar gach Stát cloí lena oibleagáidí faoi na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe lena n-áirítear cur chun feidhme iomlán éifeachtach na smachtbhannaí uile.

20. Tá sé beartaithe ag an gComhairle na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht, slándáil agus coimircí núicléacha a áirithiú, agus aithníonn sí ról lárnach IAEA ina leith sin agus cistiú suntasach an Aontais dá ghníomhaíochtaí. Meabhraítear don Chomhairle go dtacóidh an Ionstraim Eorpach nua um Chomhar maidir leis an tSábháilteacht Núicléach, a bhfuil buiséad EUR 300 milliún don tréimhse 2021-2027 ag gabháil léi, le tríú tíortha i réimsí na sábháilteachta núicléiche agus na cosanta radaíochta, an bhainistithe dramhaíola núicléiche agus na gcoimircí núicléacha. Is díol sásaimh don Chomhairle an dearbhú aireachta ón gComhdháil Idirnáisiúnta maidir le Slándáil Núicléach, lena léirítear toil pholaitiúil na mBallstát agus lena gcuirtear luach breise leis an bpróiseas chun an tslándáil núicléach a neartú ar fud an domhain agus lena dtugtar treoir pholaitiúil don phróiseas sin.

21. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go dtacaíonn sí leis an gceart doshannta atá ag gach páirtí sa Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach taighde, táirgeadh agus úsáid fuinnimh núicléach a fhorbairt chun críoch síochánta gan idirdhealú agus i gcomhréir leis an gConradh sin, lena n-áirítear faoi chuimsiú Chlár Comhair Theicniúil IAEA. Admhaíonn an Chomhairle gur gá slándáil fuinnimh a áirithiú ar chostas inacmhainne agus urramaíonn sí an ceart atá ag na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir lena meascán fuinnimh agus na teicneolaíochtaí is iomchuí a roghnú chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach le chéile. Aithníonn an Chomhairle gníomhaíochtaí IAEA chun tacú leis na Ballstáit ina gcuid iarrachtaí chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach agus go háirithe an rannchuidiú a d’fhéadfadh an eolaíocht agus an teicneolaíocht núicléach a thabhairt i réimsí amhail sláinte an duine, talmhaíocht agus slándáil bia, bainistiú uisce, an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, caomhnú na hoidhreachta cultúrtha.

22. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur tosaíocht chothrománach thábhachtach don Aontas é an comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní agus creideann sí go bhfuil sé tábhachtach peirspictíochtaí inscne a chomhtháthú sa phlé ar fud na dtrí cholún den Chonradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach. Ina theannta sin, tacaíonn an Chomhairle go hiomlán le rannpháirtíocht chothrom ban agus fear i réimse na dí-armála, an neamhleata agus an rialaithe arm agus cuireann sí chun cinn an rannpháirtíocht sin agus molann sí go mbeidh na mná rannpháirteach ag Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach.

23. Tacaíonn an Chomhairle le hoideachas maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, lena bhfuil Cuibhreannas an Aontais maidir le Neamhleathadh, líonra Eorpach na meithleacha machnaimh neamhspleácha, ag rannchuidiú trí ghníomhaíochtaí éagsúla.

24. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá sé a chinntiú go mbeidh toradh dearfach substainteach ar an Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, agus athbhreithniú á dhéanamh ar chur chun feidhme an Chonartha agus ar na gealltanais a tugadh roimhe seo, agus freisin trí réimsí a shainaithint inar cheart tuilleadh dul chun cinn a lorg amach anseo agus na bealaí inar cheart an dul chun cinn sin a dhéanamh. Cinneann an Chomhairle rannchuidiú go gníomhach le Comhdháil Athbhreithnithe an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, lena n-áirítear trí thograí le haghaidh gníomhaíochtaí nithiúla a bheidh dírithe ar an todhchaí don Deichiú Comhdháil Athbhreithnithe. Chuige sin, rannchuidigh sí trí Pháipéir Oibre leis an Timthriall Athbhreithnithe reatha agus le tuarascálacha náisiúnta cur chun feidhme ó Bhallstáit an Aontais. Glacfaidh an tAontas agus a Bhallstáit cur chuige gníomhach cuiditheach i leith na caibidlíochta ag an gComhdháil Athbhreithnithe.